

# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharráige  
Twitter: @PleanTeangaCF  
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

02 IÚIL 2020



### CEOLTÓIRÍ ÓGA CHOIS FHARRÁIGE LE CHÉILE DO MHOILLI

Tháinig **Ceoltóirí Óga Chois Fharráige** le chéile le gairid le tacaíocht a thabhairt don fheachtas bailiúcháin airgid 'Le Chéile do Mollí'. Chum Charlie Lennon dá phíosa ceoil dóibh, fonn mall agus port, thaifead siad é agus déanadh físeán de. Scaipeadh an físeán ar fud an domhain, ar na meáin shóisialta. Ba é Johnny Óg Connolly, an boscadóir cáiliúil, áitiúil a sheoil an físeán i stiúideo Cuan sa Spidéal. Tá ceangal sách láidir ag Mollí í féin le cúrsaí ceoil mar gurb é Máirtín Ó Gríofa, ón ngrúpa Cillín, a sean-uncail. Go dtí seo, tá breis is €88,000 bailithe ag an bhfeachtas agus muintir Chois Fharráige sáite go láidir sa bhfeachtas. Is féidir an físeán iontach a fheiceáil ar chuntas Facebook: Ceoltóirí Óga Chois Fharráige agus dar ndóigh, is féidir síntiús a thabhairt. Comhghairdeachas leo!



*Le Chéile do Mollí*



### TÓRÁIÓCHT TAISE NA DTEAGHLACH

Tá togra nua – **Tóraíocht Taisce na dTeaghlach** – á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** agus ag na **hOifigigh Pleanála Teanga** ar fud na tíre. Beidh an togra bunaithe ar fhiadhúlra agus oidhreacht na Gaeltachta, agus is í an phríomhaidhm leis ná feasacht na hóige i leith na ngnéithe seo a ardú. Tríd shiúlóid teaghlaiigh cois trá, locha, coille, gleanna, cnoic agus abhann a thabharfar faoin togra. Cuirfear tús leis an togra i mí Iúil. Beidh tuilleadh eolais á fhógairt go luath.

### MEASCRA ÓN AER

Craoladh an tsraith Meascra ar **RTÉ Raidió na Gaeltachta** an samhradh seo caite agus tá ábhar na sraithe ar fáil anois mar leabhar: **Meascra ón Aer**. Is meascán de phrós, filíocht, cuimhní cinn agus machnaimh atá sa leabhar agus tá chuile phíosa éagsúil ón gceann a théann roimhe. 'Sé Marcus Mac Conghail an t-eagarthóir agus Coiscéim an foilsitheoir. Is féidir cóip a ordú anois, ar líne: [www.siopaleabhar.com](http://www.siopaleabhar.com) Comhghairdeachas a Mharcuis!

### CAMPA SAMHRAIDH EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá campa samhraidh fíorúil sna healaíona traidisiúnta do dhéagóirí 12-17 mbliana á reáchtáil ag **Ealaín na Gaeltachta**. Deis atá anseo do dhaoine óga tógáil ar a gcuid scileanna i réimse na teicneolaíochta agus saothair nua físe ar ardchaighdeán a chruthú. Beidh neart áisitheoirí ann, ina measc Nollaig Ní Laoire, an t-amhránaí breá as Rath Chairn i mbun amhránaíochta, Neasa Ní Chuanaigh, an Spidéal a bheas ag déileáil le puipéadóireacht agus beidh Oisín Mistéil i bhfeighil cúrsaí teicneolaíochta agus eagarthóireachta. Tosóidh an campa ar an Luan 27ú Iúil agus cuirfear críoch leis ar an Satharn 8ú Lúnasa. Is féidir clárú ag [www.ealain.ie/fis](http://www.ealain.ie/fis) nó glaoigh ar: 091 553 838.



### DIPLÓMA SAN AISTRIÚCHÁN & SAN EAGARTHÓIREACHT

Tá **Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad** ag glacadh le hiarratasóirí don **Diplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht**. Is cúrsa páirtaimseartha é agus is modh teagaisc fíorúil, ar líne, a bhéas i gceist. Is féidir an t-eolas uilg a fháil ar an suíomh idirlín: [www.maynoothuniversity.ie](http://www.maynoothuniversity.ie), ag Lárionad na Gaeilge.

## TIONSCADAL STAIRE & OIDHREACTHA DON ÓIGE

Tá tionscadal staire agus oidhreachta dírithe ar óige Chois Fharraige, á reáchtáil ag **Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR**. Gnéithe de stair, de bhéaloideas, de sheanchas, de cheol nó d'oidhrecht an cheantair, á chur i láthair ag déagóirí an phobail ar bhealach cruthaitheach spreagúil do pháisiti bunscoile an cheantair, atá i gceist leis an tionscadal. Má tá suim agat ann, déan teagmháil le Katie 083 010 6294. Glacfar le rannpháirtithe go dtí 10ú Iúil.

## FÉILE TRAIIDPHICNIC

Cé nach mbeidh **Traidphicnic** ar siúl ar an Spidéal i mbliana, beidh sé ar siúl go fíorúil ar na meáin shóisialta an deireadh seachtaine seo. Tháinig ceoltóirí agus amhránaithe, i gcomhlúadar an bhanna céilí **Cogar**, camchuairt ar bhus Lally ar thithe altranais an Spidéil, na Ceathrún Rua agus Carna an deireadh seachtaine seo caite agus chas ceol taobh amuigh díobh. Cuirfear tús leis an bhféile fíorúil ar an Aoine seo, 3ú Iúil, le ceoltóirí aitheanta ar nós Na Rogairí, Síle Denvir, Aisling Lyons, Niamh Ní Bhriain, Teada agus Ceoltóirí Óga Chois Fharraige ina measc. Is féidir gach eolas a fháil faoin bhféile ar a leathanach FB: **Traidphicnic**. Guíonn muid gach rath ar na himeachtaí.

## TURAS TÍRE SA TEACH

Tá leabhar gleoite nua foilsithe ag Sadbh Devlin, maisithe ag Tarsila Kruse. Tugann an leabhar deis do dhaoine an tír a thaisteal gan an teach a fhágáil fiú amháin! Gníomhaíocht álainn don chlann uilig! Leabhar dathúcháin agus gníomhaíochta atá ann le go leor eolais suimiúil ann faoi cheantair éagsúla ar fud na tíre. Tá an leabhar saor in aisce agus is féidir é a íoslódáil anois ó: [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie).



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...


Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: [optchoisfharraige@gmail.com](mailto:optchoisfharraige@gmail.com)



Foilsítear tomhais nua ar líne chuile Luain, Céadaoin agus Aoine - píosa spraoi don chlann! Ar fáil: [www.crosfhocail.ie](http://www.crosfhocail.ie)

Go n-éirí go geal le pobal gnó Chois Fharraige atá ag athoscailt na leathanta seo 'théis tréimhse thar a bheith dúshlánach. Beir bua!

Tá **Rang Beag Scríbhneoireachta: le Anna Heussaff** ar fáil ar YouTube: **Cló Iar-Chonnacht** mar chuid de shraith fhíorúil le scileanna scríbhneoireachta agus scileanna cruthaitheacha a fhorbairt.



Comhghairdeachas le Micil Mac Donncha agus Neans Nic Dhonncha a rinne éacht lena bhfiseán Agallamh Beirte ar ChampaCúla4. Muna bhfuil sé feicthe agaibh is féidir é a fheiceáil ar Facebook: **Cúla4**



## MARATÓN NA DTEAGHLACH

Tá togra á reáchtáil ag na **hOifigigh Pleanála Teanga**, i gcomhar le **Tuismitheoirí na Gaeltachta** atá feiliúnach do gach cineál teaghlaigh – tú féin agus do chuid gasúir, do chéile, do dheirfiúr, do Mhamó nó do Dhaideo! Tabharfar deis don chlann maratón iomlán (42km) a shiúl nó a rith thar thréimhse 4 seachtaine. Cuirfear clár agus tacaíocht ar fáil de na rannpháirtithe. Bronnfar teastas ar chuile theaghlach a bheas páirteach ann agus tá duaiseanna le buachan freisin agus tá sé uilig saor in aisce! Glacfar le hiarratas suas go dtí Dé hAoine 3ú Iúil. Le clárú, is féidir glaoch ar Khatie (083 010 6294), nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig [optchoisfharraige@gmail.com](mailto:optchoisfharraige@gmail.com).